# 13 Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh

13.1 Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a áirithiú

- gur cuireadh an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- go gcloíonn a hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina n-airbheartaítear iad a bheith curtha i gcrích.

Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a chomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha sin.

13.2 Aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi théarmaí scéimeanna leasa, is íocaíochtaí neamhrialta iad, dá réir sin. Féadfaidh íocaíochtaí iomarcacha den sórt sin teacht chun cinn mar gheall ar chalaois amhrasta, ar fhíricí nua nó ar fhianaise nua amahil athrú ar chúinsí an éilitheora nár cuireadh in iúl don Roinn, nó mar gheall ar earráid oifigiúil (féach Iarscríbhinn 13A).

13.3 Mar gheall ar an leibhéal caiteachais a thabhaíonn an Roinn gach bliain, féadfaidh an Státchiste — a chistíonn Vóta 37 Coimirce Shóisialach — nó an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a chistítear trí fháltais ranníocaíochta árachais shóisialaigh den chuid is mó, a bheith thíos le caillteanas suntasach airgeadaíochta mar thoradh ar líon íseal teagmhas earráide, fíricí nua agus/nó calaoise amhrasta, fiú.

13.4 Déantar measúnú sa chaibidil seo ar rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh 2023 agus meastar tionchar thuarascálacha iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa chaibidil ar chuntas leithreasa Vóta 37 agus ráitis airgeadais CÁS. Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar na príomhdhoiciméid agus príomhshonraí a sholáthair an Roinn agus chuir sí comhaltaí ábhartha bhaill foirne na Roinne faoi agallamh.

13.5 In 2023, ba é €25.1 billiún ollchaiteachas bliantúil na Roinne. I dteannta chaiteachas scéime na Roinne,

- Íocadh €703 milliún as costais riaracháin
- Íocadh €1 bhilliún leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna
- Íocadh €59 milliún i maoiniú deontais leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

13.6 Luaigh an Roinn go raibh meánráta measta na n-íocaíochtaí iomarcacha ar fud a caiteachais scéime idir 2.9% – 3.8% le haghaidh 2023. Ráta íocaíochta iomarcaí de 3.44% a measadh san iniúchadh don tréimhse chéanna.[1]

1 Níl caiteachas a bhaineann le Covid-19 san áireamh agus úsáidtear caiteachas 2023 do na scéimeanna a ndearna suirbhé orthu le deich mbliana anuas (86% de chaiteachas iomlán na scéime) chun na híocaíochtaí sin a ríomh.

## Suirbhéanna rialaithe

**13.7** Tugann an Roinn faoi chlár suirbhéanna ar íocaíochtaí scéime chun an líon íocaíochtaí iomarcacha atá á dhéanamh a chinneadh. Príomhthomhas é sin ar rath na Roinne maidir le calaois agus earráid a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh ina híocaíochtaí scéime. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn freisin rioscaí a bhaineann le scéim ar leith agus na hathruithe is gá ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm a shainaithint.[1]

**13.8** Is éard atá i gceist leis na suirbhéanna ná athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí randamacha d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair agus, má tá, cé acu atá nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo.

### *Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe*

De ghnáth, déantar athbhreithniú le suirbhéanna rialaithe ar idir 500 agus 1,000 éileamh a roghnaítear go randamach le haghaidh gach scéime agus bíonn mar chuspóir acu meastachán a sholáthar — le cinnteacht 95% — ar leibhéal na híocaíochta míchirte ag pointe ama ar leith. Is gnách go léirítear an méid seo a leanas sna suirbhéanna

- an **ollíocaíocht iomarcach**, is é sin, luach iomlán aon íocaíochtaí iomarcacha a sainaithníodh
- an **ghlaníocaíocht iomarcach** ar ina leith a dhéantar coigeartú i dtaobh aistrithe chuig scéimeanna eile i gcásanna inar deimhníodh gur íocadh níos mó le héilitheoir (agus/nó le duine cleithiúnach) ná a theidlíochtaí ar an scéim a athbhreithníodh, ach go raibh sé i dteideal íocaíocht coimirce sóisialaí eile.


Measann an Roinn gurb é an ghlaníocaíocht iomarcach a sainaithníodh an tomhas is cruinne ar leibhéal na híocaíochta iomarcaí ar scéimeanna.

**13.9** Caitheadh 86% de chaiteachas scéime iomlán na Roinne sa bhliain 2023 ar scéimeanna faoi réir suirbhéanna rialaithe a rinneadh le deich mbliana anuas (féach Fíor 13.1). Ba mhéadú é sin ó 82% ar chaiteachas scéime iomlán in 2022.[2]

1 I mí na Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Roinn an mhodheolaíocht le haghaidh suirbhéanna rialaithe atá ar fáil anseo.

2 Níl scéimeanna a bhaineann le Covid-19 san áireamh. Luaigh an Roinn go raibh na scéimeanna a bhain leis an bpaindéim sealadach agus mar sin, gur beag tairbhe a bhainfeadh le suirbhé rialaithe a dhéanamh ar na scéimeanna maidir le leasú ar rialuithe scéime.

**Fíor 13.1 Cumhdach caiteachais scéime a sholáthraítear le suirbhéanna rialaithe[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Cumhdach a sholáthraítear le suirbhéanna rialaithe a foilsíodh le deich mbliana anuas (2015 go 2024).

## Impleachtaí suirbhéanna rialaithe d'iniúchtaí

**13.10** Tá éagsúlacht leathan ann ar leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a fuarthas i suirbhéanna a rinneadh ó 2015 i leith (féach Fíor 13.2).

- Maidir le scéimeanna atá maoinithe ag an Vóta, is idir 0.6% de chaiteachas scéime ar íocaíocht teaghlaigh oibre, agus 12.7% de chaiteachas scéime ar chúnamh feirme atá rátaí measta glaníocaíochtaí iomarcacha.
- Is idir 0.9% (pinsean stáit ranníocach) agus 8% (sochar cuardaitheora poist) atá rátaí measta glaníocaíochtaí iomarcacha i leith scéimeanna CÁS.

**Fíor 13.2 Leibhéal measta glaníocaíochtaí iomarcacha i scéimeanna faoi réir suirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó 2015 i leith**

| | Scéim (agus dáta tuarascála suirbhé)[a] | Costas na scéime in 2023 €m | Leibhéal measta na glaníocaíochta iomarcaí[b] |
|---|---|---|---|
| **Scéimeanna atá maoinithe ag an Vóta** | Sochar linbh (2022) | 2,428 | 1.4% |
| | Liúntas míchumais (2023) | 2,175 | 5.7% |
| | Liúntas cuardaitheora poist (2024) | 1,823 | 8.3% |
| | Pinsean stáit (neamhranníocach) (2019) | 1,229 | 6.5% |
| | Liúntas cúramóra (2018) | 1,082 | 9.1% |
| | Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (2021) | 680 | 5.9% |
| | Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht (2016) | 392 | 0.6% |
| | Liúntas leasa forlíontach (BASI) (2017) | 121 | 2.6% |
| | Cúnamh feirme (2016) | 54 | 12.7% |
| | Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair (2019) | 30 | 3.3% |
| **Scéimeanna atá maoinithe ag an gCiste Árachais Shóisialaigh** | Pinsean stáit (neamhranníocach) (2024) | 7,089 | 0.9% |
| | Pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh (2024) | 1,813 | 1.3% |
| | Pinsean easláine (2015) | 794 | 1.5% |
| | Sochar breoiteachta (2015) | 662 | 6.0% |
| | Sochar cuardaitheora poist (2023) | 438 | 8.0% |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Ní chuirtear an suirbhé ar shochair theaghlaigh in 2016 san áireamh mar nár bhain an suirbhé ach leis na tairbhithe nach bhfuil íocaíocht leasa eile á fáil acu agus níorbh ionann iad ach 7% díobh siúd a bhfuil an pacáiste sochar á fháil acu.

b Is í an ghlaníocaíocht iomarcach luach na n-íocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile. Glaníocaíochtaí iomarcacha iad na figiúirí a thaispeántar agus a sainaithníodh i suirbhéanna rialaithe mar chéatadán de luach iomlán na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a cuireadh ar áireamh sna cásanna suirbhé.

## Torthaí an tsuirbhé rialaithe is déanaí

**13.11** D'fhoilsigh an Roinn dhá shuirbhé rialaithe sa bhliain 2024, lena gclúdaítear trí scéim.

### *Liúntas cuardaitheora poist*

**13.12** Déantar scéim an liúntais cuardaitheora poist a mhaoiniú ag an Vóta, agus caiteachas €1.8 billiún i gceist in 2023. I mí na Nollag 2023, bhí 90,535 éilitheoir ag fáil íocaíochta agus, amhail mí Mheán Fómhair 2024, is é €232 an ráta pearsanta in aghaidh na seachtaine.[1] Is liúntas seachtainiúil de réir tástáil acmhainne é an liúntas a íoctar le daoine atá ag obair trí lá in aghaidh na seachtaine nó níos lú, atá ina gcónaí de ghnáth sa Stát, agus atá i ndáiríre faoi fhostaíocht lánaimseartha a lorg.[2]

**13.13** I mí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh an Roinn torthaí an tsuirbhé rialaithe ar liúntas cuardaitheora poist. Scrúdaíodh 947 éilitheoir a bhí ag fáil íocaíochta in 2022 agus 2023 i dtrí bhaisc sa suirbhé — 250 éileamh i mí Feabhra 2022, 500 éileamh i mí Mheán Fómhair 2022 agus 197 éileamh i mí Aibreáin 2023.[3]

**13.14** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe go raibh 206 (21.8%) d'éilitheoirí an liúntais míchumais a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó íocaíochta ná mar a bhí siad ina teideal. Measadh luach na n-íocaíochtaí a bheith cothrom le 8.3% den chaiteachas ar na cásanna a sampláladh.[4] Ní raibh aon teidlíochtaí aitheanta ann i leith íocaíochtaí faoi scéimeanna eile a laghdódh luach na n-íocaíochtaí iomarcacha. Tá sé sin i gcomparáid le leibhéal íocaíochta iomarcaí de 7.9% (de réir luacha) a fuarthas sa suirbhé rialaithe a foilsíodh roimhe seo in 2022.

**13.15** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 7.9% de na héilitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, agus gurbh ionann na ganníocaíochtaí agus 1.3% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

**13.16** Is ráta ard é an ráta íocaíochta iomarcaí de 8.3% a fuarthas amach leis an suirbhé. Leag an Roinn na céimeanna amach a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí na scéime a sainaithníodh leis an suirbhé agus chun feabhas a chur ar na rialuithe a bhaineann le liúntas cuardaitheora poist (féach Fíor 13.3).

**13.17** Roghnaíodh na cásanna samplacha sa suirbhé sin lena n-athbhreithniú an tráth a bhí an Roinn ag tabhairt isteach an athuair agus de réir a chéile roinnt de na rialuithe a cuireadh ar fionraí le linn Covid-19. Na bearta a cuireadh chun feidhme le linn 2023, lena n-áirítear an ceanglas atá ar shíniú ar an mbeochlár go ráithiúil ó mhí Aibreáin 2023 ar aghaidh, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag na bearta sin ar thorthaí na suirbhéanna rialaithe ar liúntas cuardaitheora poist amach anseo.

1 Íoctar ráta laghdaithe €141.70 leo siúd atá idir 18 mbliana agus 24 bliain d'aois agus nach bhfuil ag maireachtáil go neamhspleách. Féadfar íocaíocht bhreise a dhéanamh le haosaigh cháilitheacha nó leanaí cáilitheacha is cleithiúnaigh

2 Ní mór don éilitheoir a bheith os cionn 18 mbliana agus faoi bhun 66 bliain d'aois.

3 Is é seo an tríú suirbhé rollach a d'fhoilsigh an Roinn ar scéim an liúntais cuardaitheora poist (foilsíodh na suirbhéanna roimhe seo in 2021 agus 2022).

4 Ba iad na príomhchúiseanna a sainaithníodh maidir le híocaíochtaí iomarcacha ná ceilt thoiliúil fíricí (4.4% de chaiteachas na scéime) agus athruithe neamhthuairiscithe ar chúinsí (2.6% de chaiteachas na scéime).

**Fíor 13.3 Liúntas Cuardaitheora poist — torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú**

**Riosca na scéime**

- is mó seans go bhfaighidh éilitheoirí a bhfuil acmhainní eile acu cé is moite den fhostaíocht ró-íocaíocht (62% de chásanna) i gcomparáid leo siúd nach bhfuil aon acmhainní eile acu (20%).
- tá an riosca a dhá oiread níos airde i gcás ró-íocaíochta le hoibrithe páirtaimseartha/ócáideacha (48%) i gcomparáid le hoibrithe neamhócáideacha (17%)
- is mó seans go mbeadh cuardaitheoirí poist páirtaimseartha ina mná, agus is mó seans mar sin go ndéanfaí ró-íocaíocht leo (27%) i gcomparáid le fir (19%)
- tá riosca íocaíochta iomarcaí níos airde i gceist le héilitheoirí atá pósta nó atá ina gcónaí le páirtí (34%) i gcomparáid le héilitheoirí atá singil (16%)
- tá riosca níos airde i gceist le híocaíochtaí iomarcacha a dhéantar trí RRA (34%) i gcomparáid le híocaíochtaí a dhéantar in oifig an phoist (14%)

**Bearta chun an réimeas rialaithe a fheabhsú**

- a áirithiú go bhfreastalaíonn gach cuardaitheoir poist ar ionad Intreo laistigh de mhí amháin ó dhámhachtain éilimh a fháil chun síniú ar an mbeochlár, agus síniú air go ráithiúil ina dhiaidh sin[a]
- spriocanna i leith athbhreithnithe ar éilimh a mhéadú le haghaidh 2024 agus athbhreithnithe a tarchuireadh chuig cigirí leasa shóisialaigh a mhéadú
- a áirithiú go dtugtar tús áite d’athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ardriosca a sainaithníodh trí mheaitseáil sonraí le faisnéis fíor-ama ar dhuillín pá arna soláthar ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.[b, c]
- Glacfaidh baill foirne sheirbhísí fostaíochta na Roinne ról níos gníomhaí i leith éilimh a athbhreithniú i gcás nach bhfuil an t-éilitheoir rannpháirteach
- béim níos mó a chur ar fhíorúchán an fhostóra maidir le patrúin oibre i leith éilimh ócáideacha
- íocfar iarrthóirí nua ag oifig an phoist fós
- acmhainní agus taithí Aonad Speisialta Imscrúdaithe na Roinne a úsáid fós chun díriú ar earnálacha ardriosca
- le linn 2023, rinneadh cuíchóiriú ar an bpróiseas fógraí (ó Choimisinéirí Ioncaim) maidir le ‘tosach tuillimh’, lena soláthrófar próiseáil níos tapúla na n-athbhreithnithe ar éilimh agus lena laghdófar líon na gcásanna ró-íocaíochtaí

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Ó mhí Aibreáin 2023 i leith. Cuireadh síniú ar fionraí le linn Covid-19 agus bhí tionchair aige sin ar na cásanna a áirítear sa suirbhé seo.
b Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023,* caibidil 16, Úsáid sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim i measúnaithe ar acmhainn agus ioncam don leas sóisialach.
c Tá tuilleadh eolais faoi bhunús dlí maidir le sonraí pearsanta a roinnt le tríú páirtithe agus próiseáil na sonraí pearsanta i Ráiteas Príobháideachais na Roinne.

### *Pinsin ranníocacha*

**13.18** Tá an pinsean Stáit ranníocach (SPC) agus an pinsean ranníocach baintrí, baintrí fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (WCP) maoinithe ag CÁS, agus cinntear teidlíocht bunaithe ar ranníocaíochtaí árachais shóisialta. Mar gheall ar an gcosúlacht idir na scéimeanna, rinne an Roinn comhshuirbhé rialaithe agus d'fhoilsigh sí na torthaí i mí an Mhárta 2024.

*Pinsean stáit (ranníocach)*

**13.19** Ba é €7.1 billiún an caiteachas pinsin stáit ranníocaigh in 2023. Bíonn sé iníoctha le héilitheoir atá 66 bliain d'aois nó níos sine a shásaíonn coinníollacha áirithe árachais shóisialta. Rinneadh 506,723 éileamh ar íocaíocht amhail mí na Nollag 2023. Ní dhéantar tástáil acmhainne ar an bpinsean (ráta pearsanta) ná ní dhéantar difear dó le hioncam eile a d'fhéadfadh a bheith ag an éilitheoir, amhail pinsean gairme.[1] Amhail mí Mheán Fómhair 2024, is é €277.30 in aghaidh na seachtaine an t-uasráta pearsanta.

**13.20** Rinneadh athbhreithniú sa suirbhé rialaithe ar 400 éilitheoir i mí Feabhra 2023 agus fuarthas amach go raibh 13 éilitheoir pinsin stáit ranníocaigh (3.3%) ag fáil níos mó íocaíochta ná mar a bhí siad ina teideal. Measadh gurbh ionann luach na n-ollíocaíochtaí iomarcacha agus 0.9% de chaiteachas na scéime ar na cásanna samplacha.

**13.21** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 4.5% d'éilitheoirí pinsin stáit ranníocaigh a ndearnadh suirbhé orthu, agus gurbh ionann na ganníocaíochtaí agus 0.5% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

**13.22** Tá an ghlaníocaíocht iomarcach de 0.9% íseal, agus tá sé sin i gcomparáid le 2.1% a fuarthas sa suirbhé rialaithe roimhe seo a foilsíodh in 2017. Luaigh an Roinn nach féidir suirbhéanna rialaithe níos sine a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh níos déanaí i ngeall ar dhifríochtaí sa mhodheolaíocht a úsáideadh.

*Pinsean baintrí, baintrí fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach)*

**13.23** Ba é €1.8 billiún an caiteachas pinsin baintrí, baintrí fir agus páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocaigh) in 2023. Bíonn sé iníoctha le fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta marthanach an duine éagtha bunaithe ar thaifid ranníocaíochta árachais shóisialta.[2] Rinneadh íocaíocht le 125,912 éileamh amhail mí na Nollag 2023. Amhail mí Mheán Fómhair 2024, is é €277.30 an t-uasráta pearsanta le haghaidh duine atá 66 bliain d'aois nó níos sine, agus is é €237.50 an t-uasráta pearsanta le haghaidh duine atá faoi bhun 66 bliain d'aois.[3]

**13.24** I mí Feabhra 2023, rinneadh athbhreithniú sa suirbhé rialaithe ar 200 éileamh a ndearnadh íocaíocht ina leith agus fuarthas amach go raibh 12 éilitheoir WCP (6%) ag fáil níos mó íocaíochta ná mar a bhí siad ina teideal. Measadh gurbh ionann luach na n-ollíocaíochtaí iomarcacha agus 1.3% de chaiteachas na scéime ar na cásanna samplacha.

**13.25** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe freisin go raibh ganníocaíocht á fáil ag 2% d'éilitheoirí WCP a ndearnadh suirbhé orthu, agus gurbh ionann na ganníocaíochtaí sin agus 0.2% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

1 Is íocaíochtaí tástála acmhainne iad na méaduithe le haghaidh aosaigh cháilithe.

2 Bunaítear teidlíocht ar thaifead árachais shóisialta an éilitheora nó a chéile nó a pháirtnéara shibhialta nach maireann.

3 Tá méadú €46 (leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois) agus €54 (leanbh atá 12 bhliain d'aois nó os cionn) i gceist le leanbh cleithiúnach.

**13.26** Tá an íocaíocht iomarcach de 1.3% measartha íseal, agus tá sé sin i gcomparáid le 0.7% a fuarthas sa suirbhé rialaithe a foilsíodh roimhe seo in 2014. Mar atá thuasluaite, luaigh an Roinn nach féidir suirbhéanna rialaithe níos sine a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh níos déanaí i ngeall ar dhifríochtaí sa mhodheolaíocht a úsáideadh.

**Fíor 13.4 Torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú maidir le pinsean stáit (ranníocach) agus pinsean baintrí, baintrí fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach)**

**Riosca na scéime**

- is é an t-aon toisc riosca a sainaithníodh sa suirbhé ná gur mó an seans go ndéanfaí íocaíocht mhícheart d'éilitheoirí WCP atá faoi bhun 55 bliain d'aois i gcomparáid le gach aoisghrúpa eile.

**Is léir go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm faoi láthair cuimsitheach le haghaidh an dá scéim agus leanfar de na rialuithe a chur chun feidhme**

- comhaontaíodh spriocanna, cosúil leo siúd sna blianta roimhe sin, i leith athbhreithniú ar rialú maidir leis an dá scéim agus cuirfear chun feidhme iad
- leanfar de theastais incháilitheachta a eisiúint chun a áirithiú go mbeidh éilitheoirí SPC agus WCP araon fós i dteideal íocaíochta
- beidh meaitseáil sonraí leis an Aonad Anailísíochta Gnó agus Rannán Rialaithe fós ann maidir leis an dá scéim chun athbhreithnithe bunaithe ar mheasúnú riosca a shainaithint

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**13.27** Léirítear le Fíor 13.4 an riosca a sainaithníodh i suirbhé rialaithe 2024 agus na céimeanna atá á ndéanamh ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin agus chun rialuithe ar phinsean stáit ranníocach agus pinsin baintrí, baintrí fir agus páirtnéara shibhialta mharthanaigh a fheabhsú. Meastar an dá scéim fós a bheith ina scéimeanna ar leibhéal íseal riosca agus is léir go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm éifeachtach le haghaidh an dá scéim.

## Aisghabháil ró-íocaíochtaí

**13.28** I gcás ina sainaithníonn an Roinn íocaíocht iomarcach, cinnfidh an t-oifigeach cinntí ar bhonn cás ar chás conas déileáil leis, trí cheachtar den dá chinneadh thíos a eisiúint

- cinneadh 'dáta reatha.' i.e. cuirtear íocaíochtaí amach anseo ina gceart ach ní lorgaítear aisghabháil ar aon íocaíochtaí iomarcacha — ní ghearrtar aon fhiachas ró-íocaíochta, nó
- cinneadh 'cúlghabhálach' i.e. cuirtear íocaíocht amach anseo ina gceart, gearrtar suim shonrach d'fhiacha ró-íocaíochta iomarcaí lena haisghabháil.

**13.29** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar na cásanna suirbhé sna suirbhéanna rialaithe is déanaí (2024) i gcás inar shainaithin an Roinn íocaíocht iomarcach agus fuair amach nár gearradh na ró-íocaíochtaí sin i bhformhór na gcásanna. Níor gearradh an ró-íocaíocht ach i 24 cás as 231 cás íocaíochta iomarcaí a sainaithníodh.

**13.30** Dá gcreidfí gur beag an seans go ngearrfaí fiach ró-íocaíochta nuair a shainaithnítear cás íocaíochta iomarcaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach dreasacht bheag ná nach mbeadh dreasacht ar bith i gceist don éilitheoir an Roinn a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi athrú ar chúinsí maidir lena n-éilimh.

**13.31** Luaigh an Roinn go ndéanann sí athbhreithniú go reamhghníomhach ar éilimh a bhfuil riosca níos airde ag baint leo, agus i gcás ina ngearrtar fiach ró-íocaíochta, tá freagracht ar an éilitheoir an ró-íocaíocht a aisíoc ina hiomláine, lena n-áirítear ó aon íocaíochtaí leasa shóisialaigh amach anseo.

## Suirbhéanna rialaithe atá le teacht

**13.32** I mí an Mhárta 2023, chuir an Roinn tús le suirbhéanna rialaithe ar scéim an phinsin Stáit (neamhranníocaigh). Roghnaíodh sampla de 400 éileamh a bhí á n-íoc i mí Feabhra 2023 agus 400 éileamh a bhí á n-íoc i mí Eanáir 2024.

**13.33** Tá suirbhé rialaithe rollach á dhéanamh ag an Roinn freisin ar an scéim liúntais do chuardaitheoirí poist agus roghnaíodh an bhaisc is déanaí de 250 éileamh a bhí á n-íoc i mí Aibreáin 2024. Táthar ag súil go bhfoilseofar tuarascálacha ar na suirbhéanna rialaithe thuasluaite sa chéad ráithe den bhliain 2025.

**13.34** Maoinítear scéimeanna pinsin stáit (neamhranníocaigh) agus scéimeanna liúntais cuardaitheora poist ó Vóta 37 Coimirce Shóisialach agus bhí caiteachas iomlán €3.05 billiún acu in éindí in 2023.

**13.35** Rinne an Roinn athnuachan ar a straitéis comhlíontachta agus frith-chalaoise don tréimhse 2024 go 2028, ag lua go bhfuil an Roinn tiomanta d’áirithiú go ndéanfar íocaíocht leasa shóisialaigh agus íocaíochtaí eile leis na daoine atá incháilithe, agus leo siúd amháin.[1]

## Saincheisteanna eile a bhain le rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

### *Íocaíocht dífhostaíochta paindéime*

**13.36** Cuireadh tús leis an íocaíocht dífhostaíochta paindéime (PUP) i mí an Mhárta 2020 agus ba é thart ar €9.2 billiún an caiteachas iomlán ar an scéim i gcaitheamh na tréimhse 2020 go 2022. Thuairiscigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimhe seo ar an riosca a bhaineann le ró-íocaíochtaí agus an deacracht mhéadaithe a bhaineann le seanfhiachas a aisghabháil i gcás PUP.[2, 3]

**13.37** Bhí €6.9 milliún i gceist leis na ró-íocaíochtaí scéim PUP a gearradh i rith 2023. €55.5 milliún (0.6% den chaiteachas scéime) na ró-íocaíochtaí iomlána ar scéim PUP a gearradh amhail mí na Nollag 2023 agus aisghabhadh €13 mhilliún ina leith.

**13.38** Tá an Roinn ag tabhairt faoi roinnt athbhreithnithe arb é is aidhm dóibh cásanna a shainaithint ina bhféadfadh sé nár chomhlíon éilitheoirí incháilitheacht an chritéir maidir le PUP a fháil. Tá na hathbhreithnithe sin dírithe ar chásanna inar cosúil go bhfuil forluí ann idir taifid íocaíochta PUP agus tuairisceáin phárolla an fhostóra chuig na Coimisinéirí Ioncaim, agus ar chásanna nach bhfuil aon taifead bunaidh ar fhostaíocht ann, chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhaíomh an éilitheora gur chaill siad fostaíocht. Tá an dá cheann de na gníomhartha ar siúl go fóill.

**13.39** Go dtí seo, tá cros-seiceáil déanta ag an Roinn ar 30 milliún íocaíocht PUP seachtain ar sheachtain in aghaidh thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim. Shainaithin sí idir 50,000 agus 60,000 cás ina raibh forluí ann idir íocaíocht PUP a fháil agus tréimhse fostaíochta. Luaigh an Roinn go ndearnadh teagmháil le beagnach 6,600 éilitheoir chun tús a chur le próiseas aisghabhála na Roinne amhail mí an Mheithimh 2024.

1 Compliance and Anti-Fraud Strategy 2024 – 2028.

2 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2020*, caibidil 11, Rialuithe maidir le híocaíocht dífhostaíochta paindéime Covid-19.

3 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2022*, caibidil 16, Ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a aisghabháil.

### *Bainisteoirí brainse leasa shóisialaigh*

**13.40** Oibríonn agus bainistíonn na bainisteoirí brainse na hoifigí leasa shóisialaigh; is gníomhairí na Roinne atá faoi chonarthaí le haghaidh seirbhísí iad na bainisteoirí brainse.[1] D'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2023 ar íocaíochtaí ex-gratia le bainisteoirí brainse.[2] Fuarthas inti go ndeachaigh an ceadú a thug an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí) do struchtúr na socruithe íocaíochtaí idir an Roinn agus bainisteoirí brainse in éag in 2020.

**13.41** D'aontaigh an Roinn dul i mbun plé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí chun a áirithiú go mbeadh na ceaduithe agus socruithe rialála riachtanacha i bhfeidhm chun bainisteoirí brainse a íoc. Ina theannta sin, mhéadaigh an Roinn suim airgid an phacáiste íocaíochta le haghaidh bainisteoirí brainse, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

**13.42** Lorg an Roinn 'ceadú cúlghabhálach' ina dhiaidh sin ón Roinn Caiteachais Phoiblí i scríbhinn ar an 2 Eanáir 2024. I mí na Bealtaine 2024, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí an Roinn ar an eolas "nach dtagann ceist an cheadaithe chúlghabhálaigh chun cinn i ndiaidh an ghnímh" agus "gur cuireadh na cuntais leithreasa do 2022 i gcrích agus an íocaíocht [ex-gratia] tugtha faoi deara." Ina freagairt, d'aithin an Roinn Caiteachais Phoiblí freisin tiomantas na Roinne go lorgófar ceadú sula gcuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na socruithe íocaíochta amach anseo.

**13.43** Ina dhiaidh sin, luaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí go bhfuil ceist na socruithe íocaíochta reatha atá i bhfeidhm le bainisteoirí na mbrainsí ón mbliain 2023 á meas mar chuid de cheadtú caiteachais reatha níos leithne na Roinne.

### *Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora*

**13.44** Déantar tástáil acmhainne i dtaca leis an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora agus íoctar le tuismitheoir cáilithe í atá ag tabhairt aire do pháiste amháin nó níos mó gan tacaíocht ó pháirtí. In 2023, ba é €680 milliún caiteachas na scéime.[3] Mar chuid de rialuithe na scéime atá i bhfeidhm, ceanglaítear ar an éilitheoir tuairisceán bliantúil a chur isteach ar fhoirm 'OFP40', chun an Roinn a chur ar an eolas maidir le cúinsí an éilitheora. Baintear leas as an tuairisceán sin chun a chinntiú go bhfuil an t-éilitheoir fós incháilithe don íocaíocht agus go bhfuil an íocaíocht á déanamh ag an ráta ceart.

**13.45** I dtuairisc de chuid an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Chothabháil Leanaí a foilsíodh i mí na Samhna 2022, tugadh moladh gur cheart neamhaird a thabhairt ar íocaíochtaí cothabhála leanaí agus tástáil acmhainne á déanamh ag an Roinn.[4] Lorgaítear eolas maidir le híocaíochtaí cothabhála leanaí ar an bhfoirm OFP40 agus, mar thoradh air sin, rinne an Roinn an cinneadh an fhoirm a chur faoi chois fad agus atá na hathruithe cuí á ndéanamh sa reachtaíocht.[5,6]

**13.46** Bhí an fhoirm tuairisceáin bhliantúil le cur faoi chois go dtí mí an Mhárta 2023, ach amhail mhí Mheán Fómhair 2024, níor tugadh an fhoirm isteach fós. Mar thoradh ar an easpa rialaithe sin, d'fhéadfadh sé níos mó ama a ghlacadh an Roinn a chur ar an eolas maidir le hathruithe ar chúinsí an éilitheora.

**13.47** Luaigh an Roinn go bhfuil éifeachtúlacht na foirme OFP40 á hathbhreithniú faoi láthair, bunaithe ar léirmheasanna agus ar shonraí coigiltis sula ndéantar an cinneadh í a thabhairt isteach arís.

1 Is conraitheoirí féinfhostaithe iad bainisteoirí brainse a bhíonn freagrach as íoc as na costais a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar, lena n-áirítear baill foirne agus costais áitreabh.

2 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2022*, caibidil 14, Íocaíochtaí ex-gratia le bainisteoirí brainse leasa shóisialaigh.

3 Tá suirbhé rialaithe ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora le foilsiú ag an Roinn in 2026.

4 Report of the Child Maintenance Review Group

5 Síníodh an tAcht um Leas Sóisialach agus um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024 i mí an Mhárta 2024 agus ón tseachtain dar tús an 4 Meitheamh 2024, ní chuirtear cothabháil leanaí san áireamh sa tástáil acmhainne. Tá an Roinn ag athbhreithniú na n-éileamh ar íocaíocht chun aon ghníomhartha riachtanacha a shainaithint.

6 Toirmisceadh an fhoirm tuairisceáin bhliantúil JST3 d'íocaíocht aistrithe an chuardaitheora poist chomh maith.

### *Liúntas costas laethúil*

**13.48** Is teidlíocht de réir tástáil ioncaim é an liúntas costas laethúil a íoctar le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu in lóistín a sholáthraíonn na Seirbhísí Lóistín Cosanta Idirnáisiúnta, nó atá ag fanacht ar lóistín dá leithéid. Ba é €34.4 milliún caiteachas na scéime don bhliain, méadú 78% ó 2022, mar gheall ar an líon ardaithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

**13.49** Ceanglaítear sa reachtaíocht go dtugann an Roinn faoi mheasúnú ioncaim d'éilitheoirí atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, atá ag fáil ioncaim le 12 sheachtain anuas ar a laghad, agus chun an liúntas a laghdú nó a stopadh de réir a n-ioncaim mheasta.

**13.50** Fuarthas amach in iniúchadh airgeadais 2022 ar Vóta 37 nár thug an Roinn faoi aon mheasúnú ioncaim ar na héilitheoirí — dá bharr sin níor fhéad luach na n-íocaíochtaí neamhrialta a dhéanamh amach. Ar an mbonn sin, fuarthas amach san iniúchadh nach raibh an Roinn ag comhlíonadh a freagrachtaí reachtúla agus an scéim á cur i bhfeidhm aici.[1]

**13.51** Mar fhreagra ar an tuarascáil, luaigh an Roinn go ndéanfadh sí machnamh ar an tástáil ioncaim a chur i bhfeidhm d'iarratasóirí idirnáisiúnta atá fostaithe. Níor tugadh faoi aon mheasúnú ioncaim in 2023 ná sa chéad leath de 2024. Thug an Roinn tástáil ioncaim isteach d'iarratasóirí le héifeacht ó mhí an Mheithimh 2024.

**13.52** Faoi rialuithe na scéime, ní mór éilimh nua a athbhreithniú tar éis ocht go deich mí, agus ní bhíonn an t-éilitheoir incháilithe ach amháin má bhíonn cónaí air in ionad ainmnithe. Luaigh an Roinn nach féidir an coinníoll cónaithe a chur i bhfeidhm i ngach suíomh níos mó, mar gheall ar an méadú gan choinne ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le blianta beaga anuas.

**13.53** Thuairiscigh an Roinn roimhe seo gur cuireadh rialuithe maolaitheacha ar leith i bhfeidhm, lena n-áirítear athbhreithnithe a rinneadh go háitiúil nuair ba ghá, mar shampla nuair a chuirtear postas ar ais toisc nach bhfuil an t-éilitheoir ag a sheoladh cláraithe, cumarsáid ó éilitheoirí ag soláthar seoladh difriúil, íocaíochtaí neamhbhailithe, agus athbhreithnithe spriocdhírithe de réir suímh.

**13.54** Luaigh an Roinn, anuas ar na hathbhreithnithe ad-hoc thuasluaite, gur sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt, ó mhí Iúil 2023, liosta míosúil de na hiarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh stádas dóibh, na hiarrthóirí tearmainn ar bronnadh tearmann orthu agus na hiarrthóirí tearmainn a bhfuil ordú díbeartha acu. Luaigh an Roinn go mbaintear leas as na liostaí sin chun a áirithiú nach dtugtar íocaíocht ach leo siúd atá incháilithe. Ó mhí na Bealtaine 2024, tá na liostaí sin á soláthar go seachtainiúil.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2022*, caibidil 13, Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

## Conclúidí

**13.55** Agus caiteachas scéime de bhreis ar €24.2 billiún ann sa bhliain 2023, is féidir le cailliúintí suntasacha cistí poiblí eascairt as fiú leibhéil ísle íocaíochtaí atá níos mó ná teidlíochtaí leasa.

**13.56** Tá an leibhéal d'íocaíochtaí neamhrialta a d'aimsigh an Roinn trína clár leanúnach de shuirbhéanna rialaithe ar leibhéal na scéime ábhartha fós. Bunaithe ar na torthaí sin, tarraingíonn na tuarascálacha iniúchóra maidir le cuntas leithreasa 2023 do Vóta 37 Coimirce Shóisialach agus do ráitis airgeadais CÁS 2023 aird ar an leibhéal ábhartha neamhrialtachta d'íocaíochtaí scéime.

**13.57** Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar chumas na Roinne cuid dá gnáthrialuithe ar a cuid scéimeanna a chur i bhfeidh ó 2020 go 2022. Le linn iniúchadh airgeadais 2023, fuarthas amach gur réitíodh an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an timpeallacht rialuithe, trí mheascán d'atosú na rialuithe a bhí ann roimhe seo agus rialuithe athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

## Iarscríbhinn 13A Íocaíochtaí neamhrialta a chatagóiriú

- **Calaois amhrasta** — sa chás go bhfuil amhras ann go gcuireann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn ar fáil d’aon turas maidir le héileamh, nó go teipeann air d’aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí (amhail méadú ar acmhainní nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d’éileamh atá á íoc.
- **Earráid éilitheora** — nuair a chuir an t-éilitheoir faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ar fáil nó nuair a theip air athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann i dtaobh an éilitheora.
- **Earráid oifigiúil** — sa chás go n-íoctar sochair go mícheart i ngeall ar neamhghníomhaíocht, ar mhoill nó ar bhotúin a rinne foireann na Roinne.[1] Sa chás gur tugadh faoin athbhreithniú deireanach ar éileamh breis agus cúig bliana roimhe sin (nó trí bliana roimhe sin i gcás scéimeanna ar aois oibre), déantar an ró-íocaíocht a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

1 I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus oifigiúil, tarlaíonn sé go bhfaigheann éilitheoirí suim atá níos lú ná an tsuim a bhfuil siad ina teideal (ganníocaíocht).